| SCRÚDUIMHIR ☞ | |
|---|---|

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

**SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2017**

**GAEILGE – ARDLEIBHÉAL – PÁIPÉAR I**

**(150 marc)**

**DÉARDAOIN, 8 MEITHEAMH – MAIDIN, 9.30 go dtí 11.30**

**Don Scrúdaitheoir** ☞

| CUID | A | | B | | C | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| CEIST | 1 | 2 | 1 | 2 | 1 | 2 | IOMLÁN |
| MARC | | | | | | | |
| Cluastuiscint | | | GAEILGE → | | | | |
| | | | Iomlán na marcanna → | | | | |

| STAMPA AN IONAID |
|---|
| |

**N.B. Caithfear an scrúdpháipéar seo a thabhairt ar ais leis an bhfreagarleabhar.**
Scríobh freagraí ROINN I ar an scrúdpháipéar féin.
Scríobh freagraí ROINN II, ROINN III agus ROINN IV i do fhreagarleabhar.



Thall ⟶

**N.B. Bíodh na freagraí i nGaeilge ach amháin nuair nach gá sin.**

## CUID A

Cloisfidh tú giota cainte ó bheirt daoine óga sa chuid seo. Cloisfidh tú gach giota díobh **faoi dhó**. Beidh sos ann tar éis gach giota a chloisfidh tú chun seans a thabhairt duit na ceisteanna a bhaineann leo a fhreagairt. Éist go cúramach leis na giotaí cainte agus líon isteach an t-eolas atá á lorg sna greillí ag **1** agus **2** thíos.

**1. AN CHÉAD CHAINTEOIR**

| **Ainm** | ***Ailbhe Nic Óráin*** |
|---|---|
| Cén contae ina bhfuil Tuar Mhic Éadaigh? | |
| Breac síos an bhliain a saolaíodh Ailbhe. | |
| Cén aois iad deirfiúracha Ailbhe? | |
| Luaigh an spórt a imríonn Ailbhe. | |

**2. AN DARA CAINTEOIR**

| **Ainm** | ***Ardal Ó Dónaill*** |
|---|---|
| Cá bhfuil cónaí ar Ardal? | |
| Cén tslí bheatha atá ag tuismitheoirí Ardail? | |
| Cén t-ábhar scoile is fearr leis? | |
| Cá bhfios dúinn go bhfuil Ardal go maith ag imirt eitpheile? | |

## CUID B

Cloisfidh tú fógra agus píosa nuachta sa chuid seo.  Cloisfidh tú gach ceann díobh **faoi dhó**.
Éist go cúramach leo. Beidh sos ann tar éis gach ceann díobh chun seans a thabhairt duit na ceisteanna a bhaineann leo a fhreagairt.

## 1. FÓGRA

**(a)** Cad iad na laethanta a mbeidh ceaintín na scoile dúnta?

___________________________________________

___________________________________________

**(b)** Luaigh fearas cistine nua **amháin** a chuirfear sa chistin.

___________________________________________

___________________________________________

**(c)** Cad a bheidh ar díol i siopa na scoile na laethanta a mbeidh an ceaintín dúnta?

___________________________________________

___________________________________________

## 2. PÍOSA NUACHTA

**(a)** Cén sórt aimsire a bheidh ann go ceann seachtaine eile?

___________________________________________

___________________________________________

**(b)** Luaigh **dhá** phointe eolais **eile** i dtaobh na haimsire a bheidh ann anocht.

(**i**)___________________________________________

___________________________________________

(**ii**) ___________________________________________

___________________________________________

## CUID C

Cloisfidh tú **dhá** chomhrá sa chuid seo. Cloisfidh tú gach comhrá díobh **faoi dhó**. Cloisfidh tú an comhrá ó thosach deireadh an chéad uair. Ansin cloisfidh tú ina **dhá** mhír é an dara huair. Beidh sos ann tar éis gach míre díobh chun seans a thabhairt duit an cheist a bhaineann leis an mír sin a fhreagairt.

### 1. COMHRÁ A hAON

**An Chéad Mhír**

**(a)** Cá háit ar bhuail Ruairí agus Saoirse lena chéile?

______________________________________________________________________

**An Dara Mír**

**(b)** Cén obair a bhí ar siúl ag Saoirse agus ag a hathair an lá sin?

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

**(c)** Luaigh an comórtas a bhuaigh Saoirse ag an Oireachtas.

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

### 2. COMHRÁ A DÓ

**An Chéad Mhír**

**(a)** Cad a dúirt Fionnuala sa téacs a chuir sí chuig Cearúil?

______________________________________________________________________

**An Dara Mír**

**(b)** Cén fáth a raibh ionadh ar Chearúil nuair a luaigh Fionnuala ainm Fungie?

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

**(c)** Conas a gortaíodh Fungie?

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

**Scríobh freagraí ROINN II i do fhreagarleabhar.**

**Ceist 1.** Freagair **A** *agus* **B** anseo.

**A (20 marc)**

Léigh an píosa iriseoireachta seo atá bunaithe ar alt leis an iriseoir Áinle Ó Caireallláin agus freagair na ceisteanna a ghabhann leis. *Bíodh na freagraí i d'fhocail féin, chomh fada agus is féidir leat.*

## Seo do Shláinte!



**1.** Ní gá go mbeadh anró ná stró ar bith ag baint le sláinte mhaith a chothú. An rud is deacra ar fad ná nósanna dearfacha bia agus aclaíocht rialta a chleachtadh inár saol laethúil. Tá an aclaíocht riachtanach agus deirtear gur cheart aclaíocht a dhéanamh ar feadh 30 nóiméad gach lá. Ní gá dúinn a bheith in iomaíocht le haon duine nuair a bhímid ag aclú. Tá siúl mear nó damhsa fuinniúil ar bhonn rialta chomh maith le haclaíocht ar bith eile.

**2.** Tá sé tábhachtach an cothú ceart a fháil más mian linn a bheith sláintiúil. Fásann agus forbraíonn corp an déagóra go sciobtha. Is den riachtanas é, mar sin, go n-íosfadh déagóirí meascán de chineálacha difriúla bia. Ní mór an rogha seo a bheith bunaithe ar na moltaí atá luaite i bpirimid an bhia. Tá sé tábhachtach freisin dhá lítear uisce ar a laghad a ól gach lá agus fanacht glan ar dheochanna siúcrúla.

**3**. Is tús maith é bricfeasta folláin a ithe gach maidin. Is roghanna maithe iad leite, tósta, uibheacha, uibheagáin agus torthaí le hiógart orgánach. Ar an dóigh seo, beidh neart fuinnimh ionat le bheith gníomhach agus airdeallach i rith an lae. Ní bheidh tú chomh hocrach ach oiread nuair a thiocfaidh am lóin. Is fiú próitéin a ithe le gach béile mar cuidíonn an phróitéin leis an gcorp bia a bhriseadh síos agus a dhíleá. Is foinsí iontacha próitéine iad sicín, iasc, mairteoil, turcaí, cnónna agus pónairí.

**4**. Is nós maith é glasraí a ithe le gach béile. Is foinsí iontacha cailciam agus iarainn iad glasraí glasa mar spionáiste agus brocailí. Maolaíonn glasraí an t-ocras a bhraithimid nuair nach mbímid lán. Is maith ann iad, fiú leo féin, mar smailc i rith an lae. Is maith an cleas é glasraí amha a bheith ullmhaithe roimh ré chun iad a thabhairt leat i do bhosca lóin seachas a bheith ag ceannach sólaistí siúcrúla. Tá cairéad, piobar milis agus soilire breá blasta am ar bith in ionad bia beagmhaitheasa.

**5**. Is maith an tseift í cúpla béile sláintiúil a ullmhú nuair a bhíonn cócaireacht ar bun. Is féidir iad a chur i mboscaí stórála go dtí go dteastaíonn siad. Is féidir iad a reo sa reoiteoir ar feadh tréimhse fada fiú. Is furasta ceann de na béilí sláintiúla sin a bheith agat ansin nuair a bhíonn ocras ort. Seachain bia déanach san oíche mar ní bhíonn an corp in ann an bia sin a úsáid agus stóráiltear sa chorp mar shaill é. Deirtear nach fearr bia ná ciall ach i dteannta a chéile is fearr do shláinte.

### Ceisteanna (iad ar cómharc)


**(i)** (a) Cad é an rud is deacra maidir le sláinte mhaith a chothú?
(b) Cén chomhairle a chuirtear ar dhaoine maidir le deochanna a ól?

**(ii)** (a) Cén tairbhe a bhaineann le bricfeasta folláin a ithe?
(b) Cén fáth ar fiú próitéin a ithe le gach béile?

**(iii)** Luaigh **dhá** chúis a bhfuil glasraí sláintiúil mar bhia.

**(iv)** Cén fáth ar fiú cúpla béile a ullmhú nuair a bhíonn cócaireacht ar bun?

**(v)** Breac síos **dhá** chúis ar chóir bia a sheachaint déanach san oíche.






Thall →

**B (20 marc)**

Léigh an píosa iriseoireachta seo atá bunaithe ar alt leis an iriseoir Alex Hijmans agus freagair na ceisteanna a ghabhann leis. *Bíodh na freagraí i d'fhocail féin, chomh fada agus is féidir leat.*

## Aistear ar Bord Traenach



**1**. Bhí mé ar saoire i Meiriceá le gairid. Nuair a bhí mo shaoire á pleanáil agam, mheas mé go mbeinn tinn tuirseach tar éis dom a cúig nó a sé cinn d'eitiltí a chur díom in achar gearr. Samhlaigh é! Scuainí fada ag na seicphointí slándála! Suíocháin ar bord eitleáin agus mé sáinnithe iontu! Agus an mhoill a bhaineann le haerfoirt! Shocraigh mé go ndéanfainn an chuid dheireanach de m'aistear ar bord traenach.


**2**. Rinne mé mo chuid taighde. Tá rogha láithreán gréasáin agus aipeanna ar fáil chuige. D'aimsigh mé an t-eolas a bhí uaim. Thabharfadh traein Amtrak ó Washington D.C. go Miami mé. Ocht n-uaire an chloig is fichead a thógfadh an turas. Shocraigh mé an t-aistear a bhriseadh suas ina dhá chuid agus oíche amháin a chaitheamh in Columbia, Carolina Theas. Chosain an ticéad traenach $174 orm.

**3**. Ar aghaidh liom chuig Union Station i gcroílár Washington D.C. Léim mé ar bord an Silver Star, traein de chuid Amtrak. Bhí gach carráiste chomh mór agus chomh compordach le seomra suite. Bhraith mé ar mo shócúlacht. Ghluais an traein trí fhoraoisí tiubha Virginia agus trí bhailte beaga codlatacha in Carolina Thuaidh. Sna bailte codlatacha sin agus an ghrian ag dul faoi, chonaic mé páistí agus seandaoine ina seasamh in aice leis an mbóthar iarainn ag féachaint ar an traein ag dul thar bráid. Ba léir go raibh an traein ar an rud ba shuimiúla a chonaic siad an lá sin.

**4**. Bhí paisinéirí ag teacht ar bord agus paisinéirí ag imeacht ar feadh an lae ach faoin am ar thit an oíche bhí mé liom féin sa charráiste. Thosaigh stoirm thintrí agus thoirní. Lasadh an tintreach an timpeallacht ó am go chéile agus bhíodh radharc agam ansin ar an tírdhreach lasmuigh. Bhain mé triail as dreas scríbhneoireachta a dhéanamh ar an aistear ach ní raibh aon rath orm, faraor. Bhain síorluascadh na traenach creathadh as an mbord beag. Tá barúil agam go n-éireodh níos fearr liom san Eoraip. Bíonn traenacha na hEorpa níos socra ar a gcuid rothaí.

**5**. Is minic a rinne mé an t-aistear idir Éirinn agus mo thír dhúchais, an Ísiltír, ar thraein agus ar bhád. An chéad uair eile a bheidh mé san Eoraip b'fhéidir go dtógfaidh mé an traein go Heilsincí nó go Búdaipeist nó go Liospóin. Cá bhfios nach scríobhfaidh mé gearrscéal faoin aistear má bhíonn an traein níos socra ar a gcuid rothaí ná traein úd Amtrak.

### Ceisteanna (iad ar cómharc)



**(i)** (a) Breac síos locht **amháin** atá ar an eitleán mar mhodh taistil, dar leis an údar.
(b) Cá fhad a thógfadh an turas traenach idir Washington agus Miami?

**(ii)** (a) Cén fáth ar bhraith an t-údar ar a shócúlacht ar an traein?
(b) Cad a chonaic an t-údar sna bailte beaga codlatacha?

**(iii)** (a) Cén buntáiste a bhain leis an stoirm thintrí agus thoirní?
(b) Cén chúis nár éirigh leis an údar mórán a scríobh le linn an turais?

**(iv)** Cén t-alt sa sliocht thuas a dtagraíonn an abairt seo a leanas dó?
**'Bhí an t-údar críochnúil ina chuid ullmhúchán i gcomhair an turais traenach.**
Alt 1; Alt 2; Alt 3; Alt 4; Alt 5. **(Scríobh an freagra sa fhreagarleabhar.)**

**(v)** Cén t-alt sa sliocht thuas a dtagraíonn an abairt seo a leanas dó?
**'Bhí an t-údar ina aonar tar éis luí na gréine.'**
Alt 1; Alt 2; Alt 3; Alt 4; Alt 5. **(Scríobh an freagra sa fhreagarleabhar.)**

**Scríobh freagraí ROINN III i do fhreagarleabhar.**

**Ceist 2.** Freagair **A** *agus* **B** anseo.

**A (10 marc)**

Bhí Cathal Ó Bruadair sa Sugar Club i mBaile Átha Cliath le haghaidh 'Gradaim Cheoil Nós'.
Scríobh sé an cuntas thíos san Aimsir Chaite. Léigh an cuntas agus athscríobh i do fhreagarleabhar é.
Cuir na briathra atá sa chló trom san **Aimsir Fháistineach**.

**Sampla:** **Beidh** sár-oíche ag gach aon duine sa Sugar Club i mBaile Átha Cliath.

## Gradaim Cheoil Nós

**Bhí** sár-oíche ag gach aon duine sa Sugar Club i mBaile Átha Cliath. **Bhailigh** siad le chéile le haghaidh 'Gradaim Cheoil Nós'. **Chuir** an grúpa IMLÉ tús leis an oíche. **Fuair** siad an duais do 'Núíosach na Bliana'. **Bronnadh** an chéad duais ar an amhránaí bisiúil as Dún na nGall, Eve Belle. **Chuala** an lucht éisteachta togha an cheoil ó bhannaí agus ó amhránaithe ar feadh na hoíche.




.



Thall ⟶

**B (10 marc)**

Anseo thíos tá giota téacs faoin leon, Cecil, a maraíodh in 2015.

**Athscríobh na habairtí i do fhreagarleabhar.**

- Líon na bearnaí leis an bhfocal is oiriúnaí sna habairtí **2**, **3**, **4** agus **5** thíos.
- Aimsigh aidiacht **amháin** in abairt a **6** thíos agus scríobh i do fhreagarleabhar í.

# Cecil Hwange

**1. Sampla**: Is gráin le daoine i gcoitinne an ……….. a dhéantar ar ainmhithe fiáine.

**(a)** Seilg (**b**) tseilg (**c**) seilge

**Freagra:** Is gráin le daoine i gcoitinne an **tseilg** a dhéantar ar ainmhithe fiáine.

**2**. Cuireann sé as go mór ……….. dhaoine áirithe go dtugtar spórt air seo.

**(a)** do **(b)** de **(c)** le

**3**. Bhí déistin ar dhaoine ……….. a maraíodh an leon fireann, Cecil, dhá bhliain ó shin.

**(a)** cathain **(b)** agus **(c)** nuair

**4**. Bhí na leoin agus a ……….. ag cur fúthu i bPáirc Náisiúnta Hwange in Zimbabwe.

**(a)** coileáin **(b)** gcoileáin **(c)** choileáin

**5**. Goineadh Cecil le saighead. Leanadh é ansin agus maraíodh é dhá ……….. ina dhiaidh sin.

**(a)** lae **(b)** lá **(c)** laethanta

**6**. Bhí fearg ar dhaoine ar fud an domhain nuair a scaipeadh an scéal brónach.



Cecil (2002 – 2015)

| ROINN IV | CEAPADÓIREACHT | 50 MARC |
|---|---|---|

**Scríobh freagraí ROINN IV i do fhreagarleabhar.**

**Ceist 3.** Freagair do rogha **ceann amháin** de **A, B, C,** anseo thíos.
**(Ní gá níos mó ná leathanach go leith a scríobh.)**

## A. AISTE nó ALT NUACHTÁIN / IRISE

Scríobh ar do rogha **ceann amháin** díobh seo:

**(i)** Nuair a bhuaigh mé an duais mhór.
**(ii)** Fón póca – buntáistí agus míbhuntáistí.
**(iii)** Is aoibhinn liom an deireadh seachtaine.
**(iv)** Cóisir a bhí agam i mo theach nuair a bhí mo thuismitheoirí as baile.
**(v)** Laethanta saoire a chaith mé thar sáile.

## B. SCÉAL / EACHTRA

Freagair do rogha **ceann amháin** díobh seo:

**(i)** Ceap scéal a mbeadh an giota seo thíos oiriúnach mar **thús** leis:

Ní raibh ach dhá nóiméad fágtha sa chluiche. Bhíomar chun deiridh.
Ansin tháinig an liathróid i mo threo ...

**(ii)** An uair a chuaigh mé féin agus mo chara ar strae i gcathair Bhaile Átha Cliath.

## C. DÍOSPÓIREACHT / ÓRÁID

Maidir le do rogha **ceann amháin** de na rúin seo thíos, scríobh an chaint a dhéanfá i ndíospóireacht scoile ar son *nó* in aghaidh an rúin sin:

**(i)** Is cur amú ama í obair bhaile.
**(ii)** Tá saol na ndaoine óga inniu ar fheabhas ar fad.

**Leathanach Bán**

**Leathanach Bán**

# Leathanach Bán